Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

(COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE)

Seosamh Mac Donncha
B.A., A.T.O., T.T.G.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Chief Executive Officer

Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Teileafón: (091) 874260
Fax: (091) 874270
Email: enquiries@cogalvec.ie
Website: www.countygalwayvec.com

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
The Committee welcomes correspondence in Irish or English.

FAOMHADH POLASAÍ SCOILE

Scoil: COLÁISTE AN FIACHRÉIDH

Ghlac Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe leis an bPolasaí Scoile seo a leanas: POLASAÍ CHÚRAM TRÉADACH

Le leasú / leasuithe ☐ gan leasú /leasuithe ☑

(cóip den leasú /de na leasuithe iniata)

ag cruinniú den Choiste a tionóladh ar an 29ú SAMHAIN, 2011

Sínithe: [signature]
Cathaoirleach an Choiste

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Coláiste an Eachréidh
9 NOV 2011
Brian Ó Maoilchiaráin

Polasaí Chúraim Thréadach

Teideal:
Cúram Tréadach

Scóip:
Pobal iomlán an Choláiste.

Ceangal le Ráiteas Misean an Choláiste:
Tá ceangal bunúsach ag Cúram Tréadach Choláiste an Eachréidh le ráiteas misean an Choláiste ina ndéantar "gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil sóisialta agus cultúrtha na daltaí ."

Smaointeoireacht:
I gColáiste an Eachréidh baineann buntomhas Chúraim Thréadach an Choláiste le múinteoirí agus daltaí agus cuidíonn sé le h-atmasféar cabhrach, spreagúil agus dearfach a chruthú do mhúinteoirí agus dáltaí.

Aidhmeanna agus cuspóirí:

- Atmasféar áirdeallach a chruthú ionas go mothóidh gach ball de phobal an Choláiste go bhfuil siad fiúntach, tábhachtach agus go bhfuil meas orthu.
- Cur ar chumas daltaí forbairt agus foghlaim go h-éifeachtach i dtimpeallacht shábháilte agus áirdeallach agus a bheith san áirdeall ionas go dtabharfar faoi deara aon fhadhb bhunúsach a bheadh ag scoláire agus tacaíocht agus cúnamh fheiliúnach a thairiscint.
- Structúr Chúraim Thréadach a thairiscint a chuirfeadh ar chumas na daltaí cúnamh, tacaíocht, comhairle agus spreagadh a fháil.
- Nascadh láidir leis an mbaile agus tacaíocht do thuismitheoirí a chruthú agus a dhearbhú.
- Tacaíocht a thabhairt do dháltaí trí chláracha faoi leith ag amanna chruacháis, mar shampla, bás (féach Polasaí – Bainistiú ar Ghéarchéim, Lch.53 Lámhleabhar)
- Tuismitheoirí a spreagadh chun oibriú leis an Coláiste ar son leasa na ndaltaí agus an Coláiste a chur ar an eolas i dtaobh deacrachtaí ar bith a bheadh ag cur isteach ar shaol an scoláire.

Ábhar an Pholasaí:

- Lá ionduchtú faoi leith do dháltaí na céad bliana i Meán Fómhair. Buailfidh na scoláirí agus a dtuismitheoirí leis an bPríomhoide, (an Co-ordnóir Thréadach) agus leis na Ceannairí Ranga. Tabharfar caint ar scileanna staidéir agus iarrfar ar thuismitheoirí agus ar ghasúir conradh gearr foghlamtha a shíniú. Cuirfear Lámhleabhar ionduchtú ar fáil do fhoireann theagaisc an Choláiste, ina mbeidh eolas bunúsach ar an gColáiste, na polasaithe éagsúla agus coráis an Choláiste

- Cuirfear ranganna breise (ag braith ar acmhainní an Choláiste) ar fáil do daltaí a bhfuil fadhbanna faoi leith acu.
- Beidh tacaíocht agus comhairle ar fáil do daltaí a mbeidh tacaíocht de dhíth orthu. Cuirfear múinteoirí san airdeall faoina léithéid de daltaí agus bunófar leabharlann bheag (Seomra 4) leabhráin ar thoipicí ar nós bás agus scaradh thuismitheoirí. Díreofar aird na ndáltaí ar pholasaithe an Choláiste. Cuirfear ceardlanna ar fáil agus tabharfar cainteoirí chun an Choláiste le tacaíocht a thabhairt do na daltaí.
- Muna bhfuil tacaíocht fheiliúnach ar fáil sa Choláiste féin do ghasúir ar bith, molfar dá dtuismitheoirí cúnamh a fháil taobh amuigh den Coláiste.
- Tá an-tábhacht ag baint le féin-mhuinín agus féin-mheas, é sin san áireamh, spreagfar na daltaí le páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol an Choláiste chun oideachas iomlán a fháil.
- Beidh turais oideachais mar ghníomhaíocht rialta de shaol an Choláiste. Eagrófar turas lae chuig ionad oideachais eachtrach Cheapach na gCapall do na sóisir agus beidh seans ag na sinsir cúrsaí éagsúla a dhéanamh i ngníomhaíochta chaithimh aimsire éagsúla (Idirbhliain).
- Déanfar athbhreithniú rialta agus athrú mar is gá ar an gcuraclam atá sa Coláiste faoi láthair. Nuair a chuirfear rogha ábhar ar fáil tabharfar comhairle dona scoláiri, i gcomhairle lena dtuismitheoirí agus múinteoirí, díriú ar ábhair a oireann dá gcumas.
- Spreagfar daltaí chun casaoid a dhéanamh faoi aon eachtra mhaistíneachta nó ciapadh agus pléifear aon chasaoid go díscréideach agus go leochailleach. Beidh daltaí agus tuismitheoirí eolach ar pholasaí frith-mhaistíneachta an Choláiste.
- Déanfar fiosrúcháin faoi chuile thuairisc ar dhroch-íde agus cuirfear an t-údarás oiriúnach ar an eolas más gá. Oibreoidh an Coláiste go dlúth leis an mBord Sláinte i dtaobh daltaí /clann i mbaol.(Féach Polasaí Cúram Leanaí)
- Déanfar gach iarracht freastal ar daltaí le bac fisiciúil, ms. cathaoir rotha.
- Spreagfar daltaí chun breathnú amach dá chéile agus thárlódh seo go spesialta tríd an gCóras Tréadach sa gColáiste.
- Tabharfaidh an Coláiste tacaíocht do thuismitheoirí Coiste Tuismitheoirí a bhunú sa gColáiste a chabhróidh le dlúthcheangal a chruthú le iomlán tuismitheoirí an Choláiste.
- Eagrófar roinnt laethanta forbartha do fhoireann an Choláiste.
- Tabharfar aitheantas do iarrachtaí, éachtanna, agus obair chun leasa an Choláiste ag Ceiliúradh Gaisce.
- Gríosófar gasúir a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí táinisteacha Coláiste, m.sh. díospóireachtaí, slógadh, drámaíocht, gníomhaíochta agus comórtais spóirt, troscadh do Thrócaire/Concern, bailiúcháin bia do Chumann Uinsionn de Pól, bailiúcháin bhréagáin don Tríú Domhain – tionscnaimh éagsúla a dhíríonn áird ar ghátar dhaoine eile.
- Tabharfar seans do gach rang a bheith páirteach i gcúrsaí spioradálta, trí chuairt a thabhairt ar ionad cuí, nó trí cuireadh a thabhairt do aoi-chainteoirí, sagairt teacht ag an gColáiste. Beidh ócáidí Choláiste ar nós Ceiliúradh Gaisce ar siúl gach bliain.

Cúramaí

- Beidh an Príomhoide, *Có-Ordnóir Thréadach*, Oidí Ranga, Comhairle na ndaltaí agus Múinteoirí SPHE/OSPS páirteach i structúr thréadach an Choláiste.
- Beidh Structúr Thréadach Daltaí ina mbeidh, Comhar na Daltaí , Ceannairí Ranga agus an Có-Ordnóir an Chórais Thréadach páirteach.
- Beidh cúram an Chórais Thréadach ar na daoine seo leanas:
- (a) Tuismitheoirí – glacadh leis an bpolasaí agus a bheith páirteach i gceardlanna.
- An Choiste Ghairm Oideachais – tacaíocht airgeadais.
- Comhhairle na nDaltaí agus An Structúr Thréadach mar atá luaite in uimhir a haon thuas.

Comharthaí Fiúntais:

Beidh ag éirí leis an bpolasaí:

(a) Má bhíonn na daltaí sásta, má bhraitheann siad sábháilte agus slán ó bhaol agus má bhíonn tinreamh rialta acu mar atá leagtha síos sa bpolasaí smachta.
(b) Má éiríonn le daltaí agus leis an bhfoireann oibriú in atmasféar atá saor ó mhaistíneacht agus ciapadh.
(c) Má dhéanann daltaí dul chun cinn acadúil agus má tá seans acu a gcumas iomlán a fhorbairt.
(d) Más féidir fadhbanna smachta a laghdú agus muna mbeidh fionraí ach go hannamh.
(e) Má tá curaclam feiliúnach ionas go mbeidh deis ag chuile dhalta barr feabhais a bhaint amach de réir a gcumas.
(f) Má leanann formhór na ndáltaí ar aghaidh go dtí an Árd Teistiméireacht.

Céimeanna Monatóireachta:

- Déanfaidh an Chó-ordnóir Thréadach agus na Oidí Ranga monatóireacht go rialta agus déanfar caidreamh leis an bPríomhoide.
- Beidh Cúram Tréadach ar chlár gach cruinniú fóirne.
- Tabharfar ceistneoir meastóireachta ar Chúram Thréadach do gach scoláire céad bliana agus ceathrú bliana tar éis na Nollag.
- Pléifidh na hOidí Ranga na tuarascáil Coláiste leis na daltaí agus uaidh seo gheobhaidh siad aischothú fhiúntach ar Chúram Thréadach na Coláiste.

Aithbhreithniú:

Ag deireadh na céad bliana agus go bliantúil ina dhiaidh sin déanfaidh an Chó-ordnóir Thréadach, na hOidí Ranga agus roinnt daltaí agus tuismitheoirí athbhreithniú ar an bpolasaí Chúraim Thréadach.

Clár Ama:

- Dréacht pholasaí ar fáil do chruinniú fóirne ar an 26 Lúnasa 2011.
- Curtha faoi bhráid an Bhord Bainistíochta – céad téarma 2011.
- Curtha i bhfeidhm céad téarma 2011.

Pádraig Ó Súilleabháin
9/11/2011

Coláiste an Eachréidh
9 NOV 2011
Brian Ó Maoilchiaráin